

Clár

1.	Cad í an Scéim Liúntais Bhreosla?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	An féidir le híocaíochtaí ó thíortha eile cabhrú liom cáiliú?	5
4.	An mbeadh fáth ar bith nach bhfaighfí an Liúntas Breosla?	7
5.	Cé mhéid atá sa Liúntas Breosla?	7
6.	Conas a fhaightear an Liúntas Breosla?	7
7.	Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?	8
8.	Cathain ba cheart iarratas a dhéanamh?	8
9.	Conas a dhéantar iarratas?	8
10.	Má cháilíonn breis agus duine amháin sa líon tí don Liúntas Breosla, cé is ceart iarratas a dhéanamh?	10
11.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	10

Eanáir 2017

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 10 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.

1. Cad í an Scéim Liúntais Bhreosla?

Tá an Scéim Liúntais Bhreosla ceaptha chun cabhrú le teaghlaigh a bhraitheann ar íocaíochtaí fadtréimhseacha leasa shóisialaigh agus nach mbíonn in ann íoc as a riachtanais téimh féin. Feidhmíonn an Scéim le linn shéasúr an gheimhridh.

2. Conas a cháilítear?

Is féidir go gcáilleoidh tú don Liúntas Breosla:

- Má chónaíonn tú sa stát

agus

- má fhaigheann tú ceann de na híocaíochtaí cáiliúcháin seo a leanas:
 - Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ¹ (i ndiaidh 15 mhí),
 - Bunliúntas Forlíontach Leasa (i ndiaidh 15 mhí),
 - Cúnamh Feirme,
 - Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,
 - Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (Eatramhach),
 - Pinsean na nDall,
 - Sochar nó Liúntas do Bhanchéile Tréigthe,
 - Liúntas Míchumais,
 - Pinsean Easláine,
 - Pinsean Stáit (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach),

¹ Áirítear leis seo iad siúd ar Liúntas Ócáideach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta le breis agus 15 mhí anuas. Is féidir am a chaitear ar an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a áireamh i dtaca leis na 15 mhí, má tharla an t-éileamh ar an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta díreach sular deonaíodh an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach),
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach),
- Liúntas Réamhscoir (ar cuireadh deireadh leis ó thaobh na n-éileamh nua ó 4 Iúil 2007),
- Forlíonadh Éagumais faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde,
- Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Postchúnamh na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Cuid 1.6.4 de na treoirlínte oibriúcháin breosla ar **www.welfare.ie**,
- Íocaíocht Slándála Sóisialaí ó thír atá faoi chumhdach Rialacháin an Aontais Eorpaigh nó ó thír lena bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn (arb ann dá macasamhail d'íocaíocht in Éirinn),

agus

- má chónaíonn tú i d'aonar nó **mura** gcónaíonn tú **ach** le:
 - i) céile, páirtnéir sibhialta, comhchónaitheoir nó leanbh/leanaí cáilithe;
 - ii) duine a fhaigheann íocaíocht cháiliúcháin agus a bheadh i dteideal an liúntais dá c(h)eart féin (Tabhair faoi deara, le do thoil, gur íocaíochtaí cáiliúcháin faoi réir chomhlíonadh na tástála acmhainne iad na híocaíochtaí ranníocacha a liostaítear thuas);
 - iii) duine a fhaigheann Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra ó thaobh cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil don iarratasóir ar an Liúntas Breosla nó dá c(h)éile, p(h)áirtnéir sibhialta, c(h)omhchónaitheoir féin nó dá leanbh/leanaí cáilithe*,
 - iv) duine a fhaigheann Liúntas Gearrthréimhseach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Bunliúntas Forlíontach Leasa (níos lú ná 15 mhí),

agus

- a bheith in ann soláthar a dhéanamh dá riachtanais téimh as acmhainní a lín tí. Ní mór do dhuine a dhéanann iarratas ar liúntas breosla tástáil acmhainne a chomhlíonadh. Glactar leis go gcomhlíonann gach duine, a fhaigheann íocaíocht neamh-ranníocach, an tástáil acmhainne.
- * Tá leanbh cáilithe má tá sé/sí faoi bhun 18 mbliana d'aois nó idir 18 mbliana agus 22 bhliain d'aois má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha. Má bhaineann leanbh 18 mbliana d'aois amach agus é/í in oideachas lánaimseartha, agus má fhaigheann tú Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (ar feadh níos lú ná 15 mhí), Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar Breoiteachta nó Liúntas Forlíontach Leasa, beidh an leanbh cáilithe go dtí go gcríochnóidh sé/sí oideachas lánaimseartha, nó go dtí an 30 Meitheamh dar gcionn, cibé ceann is luaithe.

Tabhair faoi deara

Má fhaigheann tú Liúntas Gáis Nádúrtha nó Liúntas Leictreachais faoi Phacáiste na Sochar don Líon Tí agus má úsáideann tú gás nó leictreachas i gcomhair téimh, is féidir go mbeidh tú i dteideal an Liúntais Bhreosla freisin.

3. An féidir le híocaíochtaí ó thíortha eile cabhrú liom cáiliú?

Má fhaigheann tú íocaíocht ó thír atá clúdaithe ag Rialacháin CE nó ag Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí le hÉirinn (arb ann dá macasamhail d'íocaíocht in Éirinn), is féidir go gcáileoidh tú don Liúntas Breosla má chomhlíonann tú na coinníollacha agus:

- má chónaíonn tú in Éirinn,
agus
- má tá tú 66 bliana d'aois nó níos sine,

nó

- má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois agus má fhaigheann tú Pinsean nó Sochar Easláine (ar feadh breis agus 12 mhí), Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh nó íocaíocht dá leithéid ó thír eile atá clúdaithe ag Rialacháin CE nó ag Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí (arb ann dá macasamhail d'íocaíocht in Éirinn).

Is iad na tíortha atá clúdaithe ag Rialacháin CE nó ag Comhaontú Déthaobhach ná:

- | | | |
|--------------------------|--------------------|--------------------------------|
| • An Astráil | • An Ghréig | • An Pholainn |
| • An Ostair | • An Ungáir | • An Phortaingéil |
| • An Bheilg | • An Íoslainn | • Poblacht na Cóiré |
| • An Bhulgáir | • Éire | • An Rómáin |
| • Ceanada | • Oileán Mhanann | • An tSlóvaic |
| • Oileáin Mhuir
nloch | • An Iodáil | • An tSlóivéin |
| • An Chipir | • An tSeapáin | • An Spáinn |
| • Poblacht na
Seice | • An Laitvia | • An tSualainn |
| • An Danmhairg | • Lichtinstéin | • An Eilvéis |
| • An Eastóin | • An Liotuáin | • An Ísiltír |
| • An Fhionlainn | • Lucsamburg | • An Ríocht
Aontaithe |
| • An Fhrainc | • Málta | • Stáit Aontaithe
Mheiriceá |
| • An Ghearmáin | • An Nua-Shéalainn | |
| | • An Iorua | |

* Baineann teorainneacha áirithe leis an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, maidir leis an Eilvéis.

Is féidir leat tréimhsí árachais nó cónaithe i gcuid de na tíortha seo a chur san áireamh freisin chun cabhrú leat cáiliú.

4. An mbeadh fáth ar bith nach bhfaighfí an Liúntas Breosla?

Ní bhfaighidh tú Liúntas Breosla, mar shampla:

- má chónaíonn tú le duine seachas duine a fhaigheann íocaíocht cháiliúcháin a liostaítear ar leathanaigh 3 agus 4,
- má chlúdaítear do riachtanais téimh faoi ghníomhas aistrithe maoiné, nó
- i gcás íocaíochtaí gan tástáil acmhainne, má tá coigilteas agus infheistíochtaí is fiú €58,000 nó níos mó agat féin agus ag daoine de do líon tí nó comhioncam seachtainiúil is fiú €100 nó níos mó os cionn an phinsin ranníocaigh Éireannaigh uasta is cuí i gcomhair do chúinsí.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

5. Cé mhéid atá sa Liúntas Breosla?

Ó Eanáir 2016 is éard atá sa Liúntas Breosla faoi láthair ná €22.50 sa tseachtain.

6. Conas a fhaightear an Liúntas Breosla?

Féadfaidh tú an Liúntas Breosla a fháil:

- le haon íocaíocht a fhaigheann tú ón Roinn seo,
nó
- le haon íocaíocht slándála sóisialaí ó thír atá clúdaithe ag Rialacháin CE nó ag Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí le hÉirinn (arb ann dá macasamhail d'íocaíocht in Éirinn).

Mura mar sin é, íocfar an Liúntas leat:

- i d'oifig áitiúil an phoist trí chárta seirbhísí sóisialacha
nó
- trí íocaíocht dhíreach i do chuntas in institiúid airgeadais. Ní foláir nó gur cuntas reatha, taisce nó coigiltis é an cuntas seo.⁷

7. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Íocfar an Liúntas Breosla le linn gach tréimhse geimhridh, fad is a cháileoidh tú dó.

8. Cathain ba cheart iarratas a dhéanamh?

Má fhaigheann tú ceann de na híocaíochtaí cáiliúcháin a liostaítear ar leathanaigh 3 agus 4 agus má mheasann tú go bhfuil tú intofa, déan iarratas **láithreach**.

Ní dhéanfar siardhátú ar an Liúntas Breosla má dhéantar iarratas i ndiaidh thús an tséasúir bhreosla i nDeireadh Fómhair.

9. Conas a dhéantar iarratas?

Is féidir leat foirm iarratais, **NFS1**, a fháil ó aon oifig an phoist, ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó trí theachtaireacht téacs (féach leathanach 12).

Má tá íocaíocht á fáil agat ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus mura bhfuil foirm iarratais faighte agat go fóill, líon agus seol foirm **NFS1** chuig an Rannóg chúí, mar atá liostaithe anseo thíos agus ar leathanach 9.

Má fhaigheann tú	Seol d'fhoirm líonta chuig:
<ul style="list-style-type: none"> — Pinsean Easláine — Liúntas Míchumais — Forlíonadh Éagumais 	<p>Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bóthar Bhéal Átha na Lao An Longfort Guthán: (043) 3340000 Íosghlao: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)</p>
<ul style="list-style-type: none"> — Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (ar feadh níos mó ná 15 mhí) — Cúnamh Feirme 	<p>Do Lárionad Intreo Áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh Áitiúil</p>

Má fhaigheann tú

- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach)
- Sochar nó Liúntas do Bhanchéile Tréigthe
- Pinsean Stáit (Ranníocach) nó (Neamh-Ranníocach)
- Pinsean na nDall
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach)

Déan iarratas ag:

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach
Guthán: (071) 91 57100
Íosghlao: 1890 500 000
(ó Phoblacht na hÉireann)

- Bunliúntas Forlíontach Leasa (i ndiaidh 15 mhí)

D'lonadaí Áitiúil den Roinn Coimirce Sóisialaí a riarann an Liúntas Forlíontach Leasa

Má tá **íocaíocht slándála sóisialaí** á fáil agat ó thír atá clúdaithe ag Rialacháin CE nó ag Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí le hÉirinn nó má tá tú os cionn 66 bliana d'aois agus mura bhfuil íocaíocht cháiliúcháin á fáil agat, líon foirm iarratais **NFS1** agus seol í chuig:

Rannóg na Scéime Liúntais Bhreosla

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Guthán: (071) 91 57100

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin).

Tábhachtach: Má tá íocaíocht á fáil agat ó thír eile agus má tá tú i do chónaí le duine a bhfuil íocaíocht Éireannach leasa shóisialaigh á fáil aige/aici agus atá intofa don Liúntas Breosla freisin, is cóir don duine atá ag fáil na híocaíochta Éireannaí an t-iarratas a dhéanamh.

10. Má cháilíonn breis agus duine amháin sa líon tí don Liúntas Breosla, cé is ceart iarratas a dhéanamh?

Ní ceadmhach ach do dhuine amháin in aon líon tí an Liúntas Breosla a fháil, is cuma cé mhéid daoine sa líon tí a cháilíonn dó.

Déan seiceáil ar an tábla ar leathanach 11 chun a fháil amach cén duine den líon tí ar ceart dó/di iarrtas a dhéanamh ar an Liúntas Breosla.

11. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an Liúntas Breosla a fháil, déan teagmháil le rannóg/oifig chuí na Roinne a liostaítear ar leathanaigh 8 agus 9.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Téacsáil chuig **51909** (féach na sonraí ar leathanach 12).
- Guthán: (071) 919 3302
Líne Eolais Íosghlaonna ar **1890 66 22 44**
Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar +353 71 91 93302.
- Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Íocaíochtaí le líon tí	Cé is ceart iarratas a dhéanamh?
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (níos mó ná 15 mhí) agus aon íocaíocht leasa shóisialaigh eile	Duine a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh
Íocaíocht leasa shóisialaigh agus íocaíocht slándála sóisialaí ó thír eile	Duine a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh
Íocaíocht slándála sóisialaí ó thír eile agus duine a fhaigheann Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (ar feadh níos mó ná 15 mhí)	Duine a fhaigheann íocaíocht slándála sóisialaí

Chun foirmeacha a iarraidh, téacsáil cód na foirme agus d'ainm agus do sheoladh ina dhiaidh sin chuig 51909 (ó Phoblacht na hÉireann amháin). Tá feidhm ag na rátaí caighdeánacha téacsála.

Mar shampla, dá mba mhian leat an fhoirm maidir leis an Liúntas Cúramóra a iarraidh, téacsáil FOIRM CARA MÁIRE UÍ MHURCHÚ 1 SRÁID NUA, SEANBHAILE, CONTAE DHÚN NA NGALL.

Íocaíocht nó scéim leasa shóisialaigh	Cód na foirme
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil	FOIRM BTSCFA
Liúntas Cúramóra	FOIRM CARA
Sochar Cúramóra	FOIRM CARB
Deontas Tacaíochta Cúramóra	FOIRM CSG
Sochar Linbh (Foirm CB1)	FOIRM CHILD
Liúntas Míchumais	FOIRM DA
Liúntas Cúraim Bhaile	FOIRM DCA
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	FOIRM FIS
Saorthaisteal	FOIRM TRAVEL
Liúntas Breosla	FOIRM FUEL
Sochair don Líon Tí	FOIRM HHB
Pinsean Easláine	FOIRM INV
Méadú um Chónaí Aonair	FOIRM LAA
Sochar Máithreachais	FOIRM MAT
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	FOIRM OPFP
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	FOIRM SPNC
Pinsean Stáit (Ranníocach)	FOIRM SPC
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)	FOIRM WCP
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	FOIRM WNCP